


## >> STRAITÉISÍ LE DAOINE CHUR AR AN EOLAS



Ar an chéad dul síos le polasaí fhrithmhaistíneachta a chruthú ní mór do na scoileanna na daltaí a chur ar an eolas faoin rud a chiallaíonn maistíneacht agus faoi na straitéisí ar chóir a chur i bhfeidhm le stop a chur leis sa scoil. Tá 50 tuairim ar leith curtha i gcló ar www.anti-bullyingalliance.org.uk ag an Chomhghuaillíocht in aghaidh maistíneachta (ABA) faoin dóigh is fearr le daltaí a spreagadh a bheith páirteach le plé leis an fhadhb seo. Seo roinnt acu:

**Cá háit a ndéantar maistíneacht?**
De réir taighde is léir go ndéantar maistíneacht go minic sa chlós scoile (Whitney and Smith 1993, Davey et al 2004, Schubotz and Sinclair 2006), ar an chóras iompair anonn is anall (Hine et al 2006), sna leithris, sna nó bialainne (Sampson 2002) agus sna seomraí cótaí (Save the Children 2002). Ní mór do na scoileanna a fháil amach faoi na háiteanna ina ndéantar maistíneacht sa scoil. Is féidir leis na scoileanna léarscáileanna na scoile a thabhairt amach do na daltaí le haghaidh ball dearg nó glas a chur ar na háiteanna a mhothaíonn siad i gcontúirt nó slán sábháilte.

**Tionóil**
Is féidir le scoileanna comórtas a chur ar bun le theacht ar an tuairisc is fearr ón rang is fearr. Thiocfadh leis an rang sin cur i láthair a dhéanamh os comhair thionól na scoile. Ina áit sin, b'fhéidir gur chóir na daltaí a spreagadh chun úsáid a bhaint as ceann de na sé thionól ar an suíomh gréasáin ABA www. anti-bullyingallaince.org. Ar an suíomh sin tiocfaidh siad ar straitéisí frithmhaistíneachta na scoile agus ar scripteanna agus ar mholtaí, ar fhearais is ar cheol leis an ábhar seo a chur i mbéil na ndaltaí.

**Ranganna litríochta**
Is féidir leas a bhaint as sleachta as úrscéalta (mar shampla Harry Potter) nó as scannáin (mar shampla Billy Elliott) nó as DVD nó as leabhair le maistíneacht a phlé agus taispeántas frithmhaistíneachta a chruthú i leabharlann na scoile. Is féidir daltaí a spreagadh chun pinn le dánta nó le scéalta a scríobh ar théama na maistíneachta agus cuireadh a thabhairt do dhuine mór le rá le breithiúnas a thabhairt orthu. Is féidir duaisdánta, atá ar fáil ón Chomórtas Frithmhaistíneachta DfES (www.publications. teachernet.gov), a úsáid chun iad a spreagadh.

**Ranganna Drámaíochta**
Is féidir le daltaí rólimirtí a chruthú faoin dóigh ar cuireadh maistíneacht isteach go dona ar dhaltaí agus ar a gcuid gaolta is cairde. Is féidir snáitheanna scéil éagsúla a úsáid le daltaí ina roghnaítear íospartach ar leith nach bhfuil an aois chéanna, creideamh, dúlra, náisiúntacht nó gnéas acu le smaointe ar ilghnéitheacht a spreagadh. Mar spreagadh, is féidir le daltaí leas a bhaint as eolas ó irisí nó ó scéalta sna meáin ó www.bbc.co.uk

**Ranganna Staidéir ar na Meáin**
Is féidir díospóireachtaí ranga nó scoile ar an rún 'ba chóir cosc a chur le scannáin, cláir teilifíse nó cluichí ríomhaire ina bhfuil maistíneacht le foréigean le fáil iontu', a eagrú. Is féidir ceamaraí digiteacha a úsáid le



NICCY
northern ireland commissioner
for children and young people

## >> STRAITÉISÍ LE DAOINE CHUR AR AN EOLAS




cláir an scéil de mhaistíneacht a chruthú. Is féidir bolgáin chainte nó fortheidil a chur leis na pictiúir leis na daltaí a spreagadh chun smaoinimh ar na hócáidí a tharlaíonn maistíneacht agus ar straitéisí le stop a chur leis.

**Ranganna Ealaíne**
Is féidir leis na daltaí crann páipéir a dhearadh agus duilleoga páipéir ildaite, ar a bhfuil moltaí frithmhaistíneachta, a chur leis nó is féidir na tuairimí seo a chrochadh ar bhalla mar ghraifítí nó ar mhíreanna mearaí chomh mór le duine. Tá cumhacht ar leith le rudaí móra mar seo le cur in iúl gur féidir stop a chur le maistíneacht nuair a oibríonn múinteoirí agus daltaí le chéile. Is féidir le daltaí míreanna éadaigh a mhaisiú le teachtaireachtaí frithmhaistíneachta atá déanta le péint, colláis nó fuáil. Thiocfadh leo na míreanna seo a chur le chéile i gcruth fannchlúmháin agus é a chrochadh ar áit thábhachtach ar leith sa scoil.

**Ról lucht féachana a phlé**

TÁ TÚ SA DORCHLA NUAIR A FHEICEANN TÚ PÁISTE AMHÁIN AG BAGAIRT AR PHÁISTE NÍOS ÓIGE NÁ É(Í). TÁ AITHNE AGAT AR AN PHÁISTE SEO AGUS TÁ NA MAISTÍNEACHTA AIR(UIRTHI)

Is féidir le daltaí a gcuid tuairimí ar an ghníomh ceart ba chóir a dhéanamh a bhreacadh síos nó pictiúr a dhearadh leis na fáthanna taobh thiar díobh a chur in iúl. Is féidir iad a bhailiú ansin agus an toradh a phlé sa chéad cheacht eile.

Is é an rud is tábhachtaí ná go mbeidh daltaí ar an eolas gurb é de dhualgas orthu sceitheadh ar dhuine ar bith atá i mbun ná maistíneachta agus go molfar iad as a ngníomhartha féin gan cur ina leith gur sceitheadh iad. Is léir don mhaistín ansin go sceithfear orthu.

Ina áit sin is féidir le scoileanna sraith cheardlanna a reáchtáil le theacht ar shainmhíniú na maistíneachta, mar shampla le ceisteanna a leanas a chur orthu:

**>>AN MAISTÍNEACHT ATÁ I GCEIST SNA CÁSANNA SEO?:**

DEIR AMANDA LE CLÁR 'TABHAIR £2 DOM NÓ BEIDH TÚ I DTRIOBLÓID?'

TÁ ENRICO AR AN TALANH AGUS MARCUS DÁ BHUAILEADH. TÁ SOMHAIRLE AG DOIRTEADH CHÓC CHÁIT AMACH AR AN FHÉAR?

CAITEAR CLOCHA SNEACHTA LE JOSH AGUS É AG IMEACHT AGUS AG GÁIRE?

LEANANN SCAIFTE BUACHAILLÍ PÓL AGUS DÉANANN SIAD GÁIRE FAOI AGUS É AR A BHEALACH ABHAILE ÓN SCOIL?

Seo a leanas moltaí eile le daltaí a spreagadh le smaoineamh ar an mhaistíneacht:

**Gealltanais de dhea-iompar**
Is féidir iompar maistíneachta a phlé ag tús na bliana scoile le haghaidh rialacha ranga a chruthú agus gealltanais dhea-iompair is fhrithmhaistíneachta a ghlacadh. Is féidir iad a scríobh ar dhialann obair bhaile arna shíniú ag tuismitheoirí is daltaí araon.

**Soilse tráchta**
Is dócha, de réir taighde, nach ndéantar maistíneacht ar dhaltaí, fiú amháin ar dhalta soghonta, a bhfuil a lán cairde acu chun iad a chosaint (Save the Children 2002). Mar gheall air sin, cuireadh chun cinn roinnt straitéisí le chur le mogalra cairdis. Mar shampla, chuir roinnt bunscoileanna comhartha i gclós na scoile a bhfuil 'Cairdeas' air le cur in iúl do dhaltaí go dtiocfadh leo fanacht ina seasamh ann nuair a mhothaíonn siad uaigneach nó brónach. Moltar do dhaltaí eile súgradh leo ansin.




**Am Ciorcail**

Is féidir sos meithle a úsáid le tuairimí ar mhaistíneacht a phlé mar ní cheadaítear na tuairimí sin a sceitheadh taobh amuigh don mheitheal. I roinnt scoileanna ní ceadaítear labhairt ach an duine a bhfuil bréagán ina lámh aige(aici). Mar sin, éisteann na daltaí eile leis (léi) ionas go mbeidh áiméar ag cách a bheith páirteach sa díospóireacht. Is féidir an sos meithle a úsáid le cineálacha maistíneachta a phlé. Ina measc sin, gníomhartha bagracha gonta; spochadh as daltaí, ráflaí a chur thart, íde béil, daltaí a scoitheadh amach nó a chéasadh nó a gcuid rudaí a ghoid; nó ag bagairt orthu ar dhóigh ar bith e.g. le téacs, msm, seomraí comhrá nó le ríomhphoist (le theacht ar bhreis eolais bheir cuairt ar www.dfes.gov.uk/bullying

**Boscaí Molta**

Thig leis na daltaí teachtaireachtaí gan ainm a chur isteach sna boscaí molta seo le múinteoirí a chur ar a n-airdeall faoi iompar maistíneachta. Is féidir daltaí a spreagadh le ceisteanna a chur isteach sna boscaí faoin rud ba chóir a dhéanamh i gcás maistíneachta nó má tá siad in amhras faoi.

Is tábhachtach go leor clár fógraí a chrochadh gar don bhosca sin le haiseolas agus comhairle a chur ar fáil i dtaca leis na tuairimí seo. Cuireann sé in iúl do na daltaí go n-éistear leo agus go mbeidh beart de réir comhairle. Is féidir boscaí a bhfuil an focal 'Tá mé buartha' leo a chrochadh ann le seans a thabhairt don mhaistín teachtaireacht a fhágáil iontu le leithscéal a thabhairt faoina c(h)uid maistíneachta. Is féidir nótaí ón bhosca seo a chur le taispeántas ar bhalla/chrann/mhíreanna mearaí agus é a úsáid le linn ranganna theagasc Chríostaí faoi chruthú cairdis nó athmhuintearais.

**Maistíneacht bunaithe ar dhrochiompar ciníoch, nó ar fhrith-homaighnéasacht nó idirdhealú eile.**

Is léir ón taighde go bhfuil na daltaí seo a leanas thar a bheith soghonta: homaighnéasaigh, daltaí déghnéasacha, lucht siúl, mionlaigh eitneacha (Kilkelly et al 2004), iad a bhfuil riachtanais speisialta orthu (Davey et al 2004), iad nach bhfuil ach cúpla cara acu (Smith et al 2004, Schubotz and Sinclair 2006) agus iad a thugann cúram do dhuine aibí atá tinn nó míchumasach. Dá bhrí sin, ba chóir na cúiseanna taobh thiar den mhaistíneacht nó den chiníochas nó den fhrith-homaighnéasacht a phlé le linn rang scoile as siocair go mbíonn eagla taobh thiar de roinnt de na himeachtaí, eagla a bhíonn bunaithe ar éagsúlacht. Is féidir nach bhfuil focail mar 'poof', 'fag', 'sissy', 'lizzie', 'paki', 'chinkers', 'taig', 'fenian' ar eolas ag roinnt daltaí agus nach mbíonn na focail seo in úsáid acu ach mar chuid d'iompraíocht ghrúpa agus iad ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar dhuine eile. Le theacht ar an rud a chiallaíonn na téarmaí seo is féidir na daltaí a spreagadh chun taighde a dhéanamh le húsáid irisí, scéalta nuachtáin, scannán nó clár teilifíse atá bainteach le foréigean bunaithe ar na cúiseanna thuasluaite. Is féidir taispeántas balla a chur le chéile le haghaidh na gcúiseanna seo a mhíniú agus cad chuige gur drochiompar é. Mar shampla, molann an mogalra frithmhaistíneachta na rudaí a leanas le plé le maistíneacht ar bhonn frith-homaighnéasachta:




# >> STRAITÉISÍ LE DAOINE CHUR AR AN EOLAS

- gur chóir daltaí a chur ar an eolas go bhfuil an ceart ag cách a gcuid collaíochta féin a chur in iúl ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile faoi réir an dlí.
- Tugtar le fios do na daltaí go mbraitheann dearcadh an duine ar homaighnéasacht ar an tsochaí arbh as iad – tá sí inghlactha in áiteanna éagsúla agus in aghaidh an dlí in áiteanna eile.
- Cuirtear ar fáil eolas cruinn faoi dhlí na homaighnéasachta ina dtír féin.
- Admhaíonn na daltaí na guaiseacha a bhaineann le cleachtadh gnéasach ar leith gan cur leis na claontaí bainteach le hiompraíocht ghnéasach, bíodh sé homaighnéasach nó heitrighnéasach.
- Ba chóir do na múinteoirí dúshlán a thabhairt do ráiteas frith-homaighnéasach ar bith le linn díospóireacht ranga.

Ba chóir bileoga cuidithe agus póstaeir, a fhógraíonn grúpaí tacaíochta atá curtha ar bun le plé le himeachtaí maistíneachta bainteach le ciníochas, seicteachas nó frith-homaighnéasacht, ba chóir iad a chrochadh thart faoin scoil agus a chur ar shuíomh gréasáin na scoile le cur in iúl nach gcuirtear suas leo.

**Eolas breise**

>> Is acmhainn ar dóigh í an acmhainn a chuireann in iúl 50 bealach suimiúil le daltaí a spreagadh chun smaoinimh ar mhaistíneacht. Féach www.anti-bullyingalliance.org.uk

>> Le breis eolais a fhail le dul i ngleic le frith-homaighnéasacht bheir cuairt ar www.lgbtyouth.org.uk; www.kidscape.org.uk; www.antibullying.net; www.teachersunion.org.uk nó www.lgbthistory.org.uk. Ina áit sin, is féidir dul i dteagmháil leis an Rainbow Project ar 028 9031 9030 nó ar 028 7128 3030.

>> Le heolas a fháil chun dul i ngleic le seicteachas bheir cuairt ar www.mifc-pii.org nó ba choir dul i dteagmháil leis an Chomhairle um Chaidreamh Pobail ar 028 9027 7500.

>> Thig leat bileoga ar mhaistíneacht bainteach le ciníochas a íoslódáil ó www.utu.edu nó tá breis eolais ar fáil ó Chomhairle Thuaisceart Éireann um Mhionlaigh Eitneacha ar 028 9027 7500. Tá ábhair éagsúla ar fáil ón PhríomhStraitéis Náisiúnta faoin Fheabhas is Sult; ábhair faoi ghnéithe oideachais (SEAL) ina bhfuil ábhair ranga le haghaidh 'Seachtain na Frithmhaistíneachta' – ar fáil ar www.bandapilot.org.uk

>> Tá fillteáin ina bhfuil ceistneoirí, oiliúint fhóirsteanach d'fhoireann na scoile agus leagan amach ceachtanna le híoslódáil ó www.standards.dfes.gov.uk

>> Is féidir acmhainn eile a íoslódáil ó www.kidscape.org.uk a chuireann seans ar fáil do na daltaí a mbealach féin a roghnú chun teacht ar réiteach i gcásanna éagsúla cumadóireachta de mhaistíneacht.

>> Chuaigh NICCY i mbannaí ar NIPPA (eagraíocht oideachas na n-óg) curaclaim agus cartún a fhorbairt le dul i ngleic le maistíneacht i measc na leanaí.

NICCY
northern ireland commissioner for children and young people